

# *eti*

*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*



**Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:  
An Roinn Oideachais  
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama  
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta**



INFHEISTEoir I nDAoine

## **An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna**

**Naíonra Ghleann Darach  
Cromghlinn**

**Dáta na Cigireachta: Samhain 2006**

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

|   |   |
|---|---|
| <b>Ainm an Ionaid Réamhscolaíochta:</b> | Naíonra Ghleann Darach  |
| <b>Seoladh:</b>                         | 15 Bóthar Lann Abhaigh<br>CROMGHLINN<br>Co Aontroma<br>BT29 4LA |
| <b>Cineál Bainistíochta:</b>            | Deonach   |

|  |                 |
|--|-----------------|
| <b>Dáta na Cigireachta:</b>            | 22 Samhain 2006 |
| <b>Dáta na Cigireachta roimhe sin:</b> | Níl ar fáil     |

### 1. Mionsonraí na bPáistí

| <b>Líon iomlán na bpáistí:</b>   | <b>seisiún am</b> | <b>seisiún pm</b> |
|--|-------------------|-------------------|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile  | 16                | -                 |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile  | 8                 | -                 |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais   | 8                 | -                 |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais   | 0                 | -                 |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu  | 0                 | -                 |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0                 | -                 |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu   | 0                 | -                 |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang iontrála i mbunscoil   | 0                 | -                 |
| <b>Tinreamh:</b>   |                   |                   |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo mar chéatadán**  | 79.5%             | -                 |

\*\* Ríomhtar seo ón dáta a bhí an líon iontrála iomlán

## 2. Mionsonraí na mBall Foirne

| <b>Líon:</b>  | <b>Lánaims eartha</b> | <b>Páirtaíms eartha</b> |
|---|-----------------------|-------------------------|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh                    | 2                     | 3                       |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúraim leanaí acu | 1                     | 3                       |
| Ceapacháin nua a rinneadh le 12 mhí anuas                     | 2                     | 1                       |

| <b>Líon: ***</b> |   |
|------------------|---|
| Mic léinn        | 0 |
| Oiliúnaithe      | 0 |

\*\*\* Iomlán socrúchán a rinneadh ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Mionsonraí na Seisiún

| <b>Fad sheisiún na maidine</b> | <b>Fad sheisiún an tráthnóna</b> | <b>Líon laethanta agus an náiscoil ar oscailt an bhliain roimhe seo</b> |
|--------------------------------|----------------------------------|---|
| 3 huairé an chloig             | -                                | 185   |

## 4. Ceistneoirí do na tuismitheoirí

|  |       |
|--|-------|
| <b>Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí:</b> | 8     |
| Céatadán a fuarthas ar ais:                | 62.5% |
| Líon na dtuairimí scríofa:                 | 2     |

## **TUAIRISC FAOIN CHIGIREACHT AR NAÍONRA GHLEANN DARACH, CROMGHLINN, CO AONTROMA BT29 4LA (3AB-0523)**

1. Bunaíodh Naíonra Ghleann Darach le curaclam luath-thumoideachais Ghaeilge a chur ar fáil do pháistí agus an Ghaeilge mar mheán cumarsáide agus mar mheán idirghníomhaíochta ann. Ó osclaíodh in 2002 é, is minic a bhí baill foirne éagsúla fostaithe ann agus aistríodh chuig foirgneamh eile é. Faoi láthair tá sé lonnaithe i seomra ranga sealadach soghluaiste atá suite ar chuid tailte Chumann Naomh Séamas, Cumann Lúthchleas Gael. Baineann cumann iarscoile úsáid as an seomra tráthnóna fosta. Is ó theaghlaigh Bhéarla a thagann na páistí a bhíonn ag freastal ar an ionad réamhscolaíochta.
2. Trí cheistneoirí cigireachta, tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin ionad. Is é an tuairim a léiríodh sna freagraí go rabhthas thar a bheith sásta le caighdeán an oideachais.
3. Tá polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha ag an ionad réamhscolaíochta le haghaidh cosaint leanaí. Léirítear ón fhianaise sa chigireacht go gcuireann an fhoireann na polasaithe agus na modhanna oibre sin i bhfeidhm go héifeachtach seasta leis na páistí a chosaint.
4. Tá tuiscint an-mhaith ag an ionad réamhscolaíochta ar an sainchúram atá aige agus é ag cur éiteas an Ghaeloideachais chun cinn agus ag ullmhú páistí don bhunoideachas lán-Ghaeilge. Tá mionchur síos ar an ghné sin de sholáthar an ionaid sa pholasaí teanga aige. Ach níl labhairt na Gaeilge ag an cheannaire seachas roinnt focal agus frásaí sa teanga agus is i mBéarla a bhíonn sí ag idirghníomhú leis na páistí. Le linn na cigireachta, bhí bunús an tseisiúin á réachtáil i mBéarla.
5. Tá sé le feiceáil go bhfuil rún daingean ag an ionad réamhscolaíochta nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn i measc na bpáistí. Bíonn roinnt deiseanna ag na páistí bheith páirteach i réimse gníomhaíochtaí fisiceacha.
6. Taobh istigh den seomra súgartha bíonn an t-atmaisféar cluthar agus fearadh na fáilte ann. Bíonn caidreamh an-mhaith ann idir an fhoireann agus na páistí. Is maith a fhreagraíonn na páistí don dóigh a mbíonn an fhoireann ag iarraidh orthu dea-iompar a chleachtadh agus bíonn siad socraithe go maith agus aird acu ar a bhfuil rompu agus iad ag súgradh. Bíonn an fhoireann ag obair go crua le timpeallacht tharraingteach foghlama a chruthú agus áiteanna ar leith ann le haghaidh súgradh agus le haghaidh taispeántas spéisiúil d'obair na bpáistí féin.
7. Eagraítear an clár ama laethúil le go mbeidh cothromaíocht mhaith idir tréimhsí fada ina mbíonn saorshúgradh agus tréimhsí ina mbíonn gníomhaíochtaí agus iad níos mó faoi stiúir daoine fásta. Cothaíonn an sos bia, atá ar nós buifé, neamhspleáchas agus scileanna sóisialta na bpáistí. Ba chóir an dóigh a n-eagraítear tréimhse an chiorcail a athbhreithniú lena chinntiú go mbeidh sí níos oiriúnaí do na staideanna forbartha ina bhfuil na páistí agus nach gcuirfidh sí isteach ar dhianghníomhaíocht.

8. Is daoine carthanacha iad an bheirt bhall foirne agus spreagann siad na páistí le bheith socair agus iad i mbun súgartha a bhfuil cuspóir leis. Le linn na cigireachta, chonacthas a lán dea-shamplaí d'idirghníomhaíocht chliste i mBéarla agus an fhoireann ag baint úsáide as modhanna oiriúnacha le ceisteanna a chur chun cur le cuid smaointeoireachta na bpáistí. D'úsáid na daoine fásta an Ghaeilge bunús an ama le treoir a thabhairt do na páistí nó i bhfoirm ceisteanna druidte. Le foghlaim na bpáistí a spreagadh trí shúgradh, ba chóir don idirghníomhaíocht a chleachtann an fhoireann uile a bheith ar ardchaighdeán ar bhonn níos comhsheasmhaí.

9. Tá curaclam leathan cothrom ann ina dtugtar roinnt deiseanna foghlama do na páistí i ngach ceann de shé réimse an churaclaim réamhscoile. I measc sainláidreachtaí an ionaid tá an obair a dhéantar le forbairt phearsanta, shóisialta agus mhothúchánach na bpáistí a chothú agus leis an obair chruthaitheach ealaíne acu a thabhairt chun cinn. Léiríonn na pointí a leanas gnéithe sonracha den chlár.

- Le linn na cigireachta léirigh a lán páistí gur mór an spreagadh a fuair siad agus go raibh siad an-mhaith i mbun dianmhachnaimh agus féinrialach agus gur fíordhearfach an dearcadh a bhí acu agus iad i mbun foghlama.
- Bíonn a lán deiseanna maithe ag na páistí scileanna mínluaileacha a fhorbairt. Bíonn siad páirteach fosta i seisiúin rialta súgartha fhisicigh gach lá. Bíonn teorainn leis an ghné sin den clár faoi láthair mar gheall ar easpa spáis agus de bharr nach leor an réimse acmhainní atá ann.
- Bíonn deiseanna maithe ag na páistí an smaointeoireacht chruthaitheach acu a chur in iúl agus iad ag úsáid réimse oiriúnach ábhar. Bíonn deiseanna rialta ann ar cheol agus amhránaíochta a chleachtadh agus is léir go mbaineann na páistí an-sult astu sin. Canann na páistí amhráin shimplí i nGaeilge. Bíonn siad i mbun súgradh marthanach lán samhlaíochta san áit a ndéantar rólghlacadh.
- Tá cuid mhór páistí ag tosú a chur suime i marcanna dhéanamh agus sna chéad chéimeanna den scríobh. Tá suim áirithe acu i leabhair agus in bheith ag éisteacht go haireach i ngrúpa le scéalta. Le linn an tseisiúin sin, léadh agus pléadh an scéal i mBéarla agus baineadh úsáid as corrfhocal singil i nGaeilge. Tá teorainn le deiseanna na bpáistí an tuiscint acu ar an Ghaeilge a mhéadú agus tús a chur le húsáid na teanga.
- Tá méid áirithe déanta le bunsmaointeoireacht sa mhatamaitic a spreagadh sna páistí agus iad i mbun gníomhaíochtaí súgartha. Ba chóir níos mó a dhéanamh leis an ghné sin den churaclam a mhéadú i ngach réimse den chlár súgartha. Tugtar deiseanna do na páistí an tuiscint acu ar an saol ina dtimpeall a mhéadú nuair a phléitear topaicí séasúracha, nuair a thagann cuairteoirí ón phobal isteach agus nuair a dhéantar rólghlacadh faoi eachtraí san ospidéal. Le linn na cigireachta chaith grúpaí páistí tréimhsí i mbun dianstaidéir agus iad ag iniúchadh airíonna gainimh agus uisce.

10. Tá polasaí cuimsitheach ag an ionad ar shainriachtanais oideachais. Ba chóir don fhoireann tuilleadh oiliúna a fháil leis an tuiscint acu a mhéadú ar an dóigh le tacaíocht iomlán a thabhairt do pháistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu agus iad ag freastal ar an naíonra.

11. Déanann an fhoireann an phleanáil i gcomhar lena chéile agus tá tús maith curtha acu le forbairt na pleanála scríofa chun curaclam leathan cothrom réamhscolaíochta a sholáthar. Caithfear tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an phleanáil ghearrthréimhseach le go dtuigfear níos soiléire cén dóigh ar féidir an fhoghlaim agus an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach réimse den churaclam réamhscolaíochta.

12. Tá aithne mhaith ag an fhoireann ar na páistí agus tá siad ag déanamh roinnt taifead tuisceanach ar na dóigheanna a mbíonn páistí ag freagairt agus iad ag súgradh. Caithfear tuilleadh forbartha a dhéanamh air sin lena chinntiú go mbeidh socrúithe éifeachtacha comhsheasmhacha ann le faireachán, taifeadadh agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí agus le húsáid a bhaint as an eolas sin le haghaidh pleanála.

13. Tá an t-ionad ag cruthú naisc éifeachtacha idir é féin agus na tuismitheoirí. Tugtar nuachtbhileoga do na tuismitheoirí go rialta ina mbíonn na téamaí agus na topaicí a bhíonn á gclúdach agus bíonn foclóir ann a mholtar do thuismitheoirí a thriail a úsáid leis na páistí. Tá sé ar intinn ag an fhoireann, mar is cuí, cruinnithe a eagrú leis na tuismitheoirí dhá uair i rith na scoilbhliana reatha le heolas a roinnt ar a chéile faoi dhul chun cinn na bpáistí agus tabharfar tuairiscí béil agus tuarascálacha scríofa iontu.

14. Tá an t-ionad i ndiaidh naisc mhaithe a chruthú idir é féin agus an bhunscoil lán-Ghaeilge atá suite ar an suíomh céanna. Ba chóir don ionad naisc a chruthú fosta idir é féin agus na bunscoileanna eile a mbeidh na páistí ag aistriú chucu.

15. Níl an ceannaire agus an cúntóir araon fostaithe ach le tréimhse an-ghairid. Ní siad ach i ndiaidh tús a chur le forbairt an chleachtais eatarthu. Tá an-oilteacht in oideachas luath-óige le sonrú sa cheannaire agus í i mbun a cuid oibre féin leis na páistí agus is duine an-éifeachtach í ag bainistiú an ionaid. Tá mothú láidir éirí i measc na foirne a oibríonn go crua gur meitheal mhaith iad i bpáirt lena chéile agus iad ag baint suilt as an obair.

16. Tá an fhoireann i ndiaidh bheith ag obair i gcomhar leis an saineolaí oideachas luath-óige le roinnt feabhsúchán a dhéanamh sa soláthar oideachais réamhscolaíochta le míonna anuas. Cuireann an fhoireann in iúl gur mór acu an tacaíocht úsáideach a thugann an saineolaí oideachas luath-óige dóibh.

17. Tá drochdhóigh ar an seomra ranga soghluaiste. Bíonn cuid mhór linn treog ar an bhealach isteach chuig an ionad agus bail chontúirteach air. Baineann an fhoireann úsáid chruthaitheach as gach spás atá ar fáil san ionad. Ní bhíonn an áit bheag dhaingean amuigh faoin spéir oiriúnach le húsáid i ndiaidh aimsir fhliuch. Níl aon leithreas ann don fhoireann istigh sa seomra soghluaiste. Tá sé beartaithe ag an choiste bainistíochta saoráidí uasghrádaithe a chur in áit an tseomra shoghluaiste atá ann agus feabhas a chur ar an áit amuigh faoin spéir.

18. Tá na bunacmhainní maith go leor agus iad á gcur ar fáil ar dhóigh tharraingteach do na páistí. Ba chóir tuilleadh nithe nádúrtha agus nithe a bhfuil údaracht a baint leo a thabhairt isteach agus tuilleadh acmhainní a sholáthar le clár is dúshlánaí a cheapadh le haghaidh súgradh fisiceach.

**19. I measc phríomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an t-ionad tá:**

- an t-atmaisféar cluthar carthanach atá bunaithe ar dhea-chaidreamh idir an fhoireann agus na páistí;
- an t-atmaisféar tarraingteach foghlama taobh istigh den seomra súgartha;
- an tréimhse fhada de shaorshúgradh nuair a bhíonn diansúgradh táirgiúil ardchaighdeán ar siúl ag na páistí;
- na deiseanna foghlama a bhíonn ag na páistí i ngach réimse den churaclam réamhscoile agus go háirithe an dóigh a spreagtar muinín, neamhspleáchas agus smaointeoireacht chruthaitheach sna páistí.
- na naisc mhaithe a chruthaítear idir an t-ionad agus na tuismitheoirí;
- scil an cheannaire agus í ag spreagadh na bpáistí le foghlaim a dhéanamh trí mheán an Bhéarla; agus
- rún daingean na foirne tuilleadh a chur leis an soláthar oideachais.

**20. Aimsíodh sa chigireacht fosta réimsí is gá a fheabhsú. Agus é ag tabhairt faoi na réimsí is tábhachtaí, caithfidh an t-ionad:**

- scileanna na foirne a fhorbairt in úsáid na Gaeilge agus cur lena gcumas teagasc go héifeachtach trí mhéan na teanga sin;
- leanúint de bheith ag forbairt na modhanna pleanála agus measúnachta lena chinntiú go mbeidh an t-ionad níos éifeachtaí ag tabhairt treorach don fhoireann agus iad ag forbairt go hiomlán gach réimse den churaclam réamhscolaíochta agus gach réimse den Ghaeilge agus go ndéanfar freastal ar riachtanas gach páiste; agus
- an phleanáil agus na hacmhainní a fheabhsú le haghaidh súgradh fuinniúil amuigh faoin spéir.

21. Tá láidreachtaí ina lán gnéithe den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear san ionad réamhscolaíochta. Tá an chigireacht i ndiaidh roinnt réimsí tábhachtacha a aimsiú le haghaidh feabhsúcháin agus is gá tabhairt fúthu sin le freastal go héifeachtach ar riachtanas gach páiste. Níl an t-ionad ag soláthar clár tumoideachais Gaeilge i gcomhréir leis na haidhmeanna atá luaite aige.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: [www.deni.gov.uk](http://www.deni.gov.uk)